2025/2126

17.10.2025

CINNEADH (AE) 2025/2126 ÓN gCOMHAIRLE

an 10 Deireadh Fómhair 2025

maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 115, i gcomhar le h Airteagal 218(5) agus le hAirteagal 218(8), an dara fomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta ([1]) ('an Comhaontú'), feabhsaíodh cúnamh frithpháirteach i gcúrsaí cánach idir na Páirtithe Conarthacha agus cuireadh feabhas ar chomhlíontacht cánach idirnáisiúnta.

(2) Formheasadh athruithe tábhachtacha ar Chomhchaighdeán Tuairiscithe na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta ar an leibhéal idirnáisiúnta an 26 Lúnasa 2022 agus rinneadh iad a ionchorprú i ndlí an Aontais trí bhíthin Threoir (AE) 2023/2226 ón gComhairle ([2]), lenar leasaíodh Treoir 2011/16/AE ón gComhairle ([3]).

(3) An 21 Bealtaine 2024, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht San Mairíne chun an Comhaontú a leasú chun na hathruithe ar an gComhchaighdeán Tuairiscithe a formheasadh ar an leibhéal idirnáisiúnta a léiriú. Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil le hinisiliú an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta ('an Prótacal Leasaitheach').

(4) Leis na treoracha caibidlíochta, ceanglaíodh ar an gCoimisiún freisin na tagairtí dlíthiúla do reachtaíocht na bPáirtithe Conarthacha maidir le cosaint sonraí a thabhairt cothrom le dáta agus, i gcás inarb iomchuí, coimircí cosanta sonraí breise a shonrú chun comhlíonadh leanúnach Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) a áirithiú.

(5) Is léiriú cuí é téacs an Phrótacail Leasaithigh, atá mar thoradh ar an gcaibidlíocht, ar na treoracha caibidlíochta a d'eisigh an Chomhairle.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart an Prótacal Leasaitheach a shíniú thar ceann an Aontais agus bacheart na Dearbhuithe Comhpháirteacha atá i gceangal leis an bPrótacal Leasaitheach a fhormheas.

(7) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

([1]) IO L 381, 28.12.2004, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2004/903/oj.
([2]) Treoir (AE) 2023/2226 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (IO L, 2023/2226, 24.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2226/oj).
([3]) Treoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE (IO L 64, 11.3.2011, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2011/16/oj).
([4]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).
([5]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

Airteagal 1

Údaraítear leis seo, thar ceann an Aontais, síniú, an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta, faoi réir thabhairt i gcrích an Phrótacail Leasaithigh sin ([6]).

Airteagal 2

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, Dearbhú Comhpháirteach na bPáirtithe Conarthacha maidir leis an gComhaontú agus na hIarscríbhinní, Dearbhú Comhpháirteach na bPáirtithe Conarthacha maidir le hAirteagal 5 den Chomhaontú, Dearbhú Comhpháirteach na bPáirtithe Conarthacha maidir leis an gcaidreamh idir San Mairíne agus an tAontas Eorpach, Dearbhú Comhpháirteach na bPáirtithe Conarthacha maidir leis an sainmhíniú ar Bhanc Ceannais agus Dearbhú Comhpháirteach na bPáirtithe Conarthacha maidir le teacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaithigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 10 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. LOSE

([6]) Foilseofar téacs an Phrótacail Leasaithigh mar aon leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.